

LÉITHEOIRÍ NA GAEILGE | LEITHEOIRI.IE

leitheoiri@comhar.ie; @leitheoiri

Tionscadal comhpháirtíochta idir COMHAR & Foras na Gaeilge

PREASRÁITEAS: 9 IÚIL 2021

Is mór ag **COMHAR** agus **Foras na Gaeilge** an t-eolas is déanaí a roinnt faoin togra úr spleodrach: **‘Léitheoirí na Gaeilge’**.

Tionscadal úr ilbhliantúil, píolótach is ea ‘Léitheoirí na Gaeilge’ a bhfuil sé mar sprioc aige léitheoireacht na Gaeilge a chothú; léirmheastóireacht na Gaeilge a fhorbairt; agus lárphointe feasachta a chur ar fáil do gach eolas faoin bhfáil atá ar ábhar léitheoireachta i nGaeilge don phobal mór. Tugadh faoi **Próiseas Comhairliúcháin idir Nollaig 2020 – Eanáir 2021** agus tugtar an t-achomre seo anois le cur síos a thabhairt ar na mórphointí a d’escair as.

Eolas comhthéacsúil

- Scaipeadh pacáiste eolais, ceistneoir agus nasc leictreonach chuig suirbhé ar thart ar 180 páirtí leasmhar i saol na léitheoireachta.
- Bhí an nasc leictreonach ar an suíomh, leitheoiri.ie, freisin le go mbeadh teacht ar an bpobal i gcoitinne air.
- Cuireadh tús leis an tréimhse comhairliúcháin seo ar an 15 Nollaig 2020 agus tháinig deireadh leis ar an 29 Eanáir 2021.
- Fuarthas aiseolas ó 73 páirtí leasmhar lonnaithe in earnálacha éagsúla (oideachas, pleanáil teanga, foilsitheoireacht, díolachán leabhair, na healaíona srl. ina measc) mar fhreagra ar an gceistneoir MS Word nó ar go hanaithnid trí Survey Monkey.
- Bhí 12 freagróir ar ríomhphost agus 61 freagróir ar Survey Monkey (16% : 84%).
- Leagadh an t-ábhar amach go dátheangach. D’fhreagair 18 de na freagróirí i mBéarla agus 55 i nGaeilge (25%: 75%).

Aithníodh na dúshláin seo roimh chothú na léitheoireachta Gaeilge:

- easpa margáíochta agus eolais;
- deacrachtaí le dáileachán agus rochtain ar na leabhair;
- bearnaí sa mhargadh (gnáthfhicsean, scíthléitheoireacht, ábhar do pháistí 6-9 agus 9-12, agus ábhar do dhéagóirí);
- léitheoireacht a spreagadh sa chóras oideachais agus go luath i saol an ghasúir; agus
- deacrachtaí leis an teanga/foghlaim na Gaeilge agus ábhar oiriúnach a aimsiú.

Rinneadh na beartais seo a mholadh:

- feachtas scríbhneoireachta chun níos mó leabhar nua-scríofa a chur ar fáil don aoisghrúpa 9-10 (Rang 4 sa bhunscoil) mar go n-éiríonn go leor daoine óga as an léitheoireacht thart ar an aois sin;
- tuilleadh closleabhar agus ríomhleabhar a bheith ar fáil;
- cuid d’aidhmeanna an tionscadail (m.sh. lárionad digiteach, córas grádaithe, liostaí leabhar a fhoilsiú, tuilleadh léirmheasanna);
- comórtais a reáchtáil le scileanna léirmheastóireachta a fhorbairt;
- breis ábhar faoi na húdair agus na leabhair; imeachtaí agus clubanna leabhar a spreagadh dírithe ar aoisghrúpaí éagsúla agus oiriúnach do dhaoine ag gach leibhéal teanga;

- go mbeadh leabhair Ghaeilge nua pléite ag na meáin Bhéarla;
- acmhainní le cuidiú le daoine a bhfuil disléicse nó deacracht eile foghlama acu;
- comhoibriú le TG4/RTÉ agus beochantóirí cosúil le Cartoon Saloon chun carachtair aitheanta a chruthú do pháistí agus iad a cheangal le leabhair faoina gcuid eachtraí; agus
- straitéis ‘World Book Day’ don Ghaeilge; agus
- go sonrach faoi **leabharlanna poiblí**:
 - ‘Dúshlán Léitheoireachta’ do gach aoisghrúpa chun 6 leabhar Gaeilge a léamh;
 - feachtas margadóchta náisiúnta do clubleabhar.com i bpáirt le leabharlanna, BorrowBox, díoltóirí leabhar srl.;
 - bunachar a chruthú de scríbhneoirí a bheadh ar fáil chun a gcuid saothar a léamh ag ócáidí; agus deontas aon-uaire chun stoc a cheannach.

Coinnigh súil ar an leathanach sealadach ag leitheoiri.ie agus ar an gcuntas Twitter [@leitheoiri](https://twitter.com/leitheoiri) le haghaidh tuilleadh eolais. Is féidir dul i dteagmháil linn freisin ag leitheoiri@comhar.ie.

COMHAR

Príomhfhoilsitheoir náisiúnta na Gaeilge é **COMHAR**, comhlacht neamhbhrabúis atá i mbun ghnó na foilsitheoireachta le cothrom agus seachtó ocht bliain; shíolraigh bunphrionsabail agus fealsúnacht an chomhlachta ó ghluaiseacht an Comhchaidrimh in ollscoileanna na hÉireann; le bord stiúrtha deonach tarraingthe agus ionadaíoch ar shaol agus ar shochaí na Gaeilge tré chéile. Foilsíonn sí iris mhíosúil liteartha na Gaeilge, *Comhar*, ó 1942 i leith, iris do léitheoirí iar-bhunscoile, **COMHARÓg**, iris acadúil phiarmheasta bhliantúil, **COMHARTaighde**, cnuasach digiteach phortráidí de bheoscríbhneoirí na Gaeilge, *Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge*, le dhá inphionta foilsitheoireachta leabhar, *LeabhairCOMHAR & Cló Léann na Gaeilge (CLÓ)*, agus tograí eile foilsitheoireachta idir lámha i saol na Gaeilge. Tá **COMHAR** buíoch de Fhoras na Gaeilge, de Chlár na Leabhar Gaeilge, den Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, d’Acadamh Ríoga na hÉireann agus den Chomhairle Ealaíon as a dtacaíocht leanúnach sna tograí seo.

Foras na Gaeilge

Faoi réir Chomhaontú Aoine an Chéasta bunaíodh An Foras Teanga, Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/Theas, chun an Ghaeilge agus an Ultais a chur chun cinn. Faoi choimirce an chomhlachta sin, déanann Foras na Gaeilge na freagrachtaí go léir i dtaca leis an nGaeilge a chur i gcrích. I measc na bhfreagrachtaí sin tá labhairt agus scríobh na Gaeilge sa saol poiblí agus sa saol príobháideach i bPoblacht na hÉireann. Tá an fhreagracht chéanna ann i leith Thuaisceart Éireann, sa chás go mbíonn an t-éileamh cuí ann agus i gcomhthéacs Chuid III de Chairt Chomhairle na hEorpa um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh.



Léitheoirí



Tuilleadh eolais:

Elly Shaw, **COMHAR**: (01) 675 1922, гно@comhar.ie
Anna Davitt, **Foras na Gaeilge**: (01) 649 8400, 087 673 6175, adavitt@forasnagaeilge.ie